Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

# Teideal an Fhíseáin: Catharnais Comhpháirtíochta Bhanc Ceannais na hÉireann 2022/2023

Tá Banc Ceannais na hÉireann ag dul **i gcomhpháirtíocht le cúig chatharnas** in 2022/2023.

1. Children's Health Foundation

   Tacaíonn Children's Health Foundation **le leanaí breoite agus lena muintir**, bailíonn sé airgead le haghaidh **trealamh tarrthála leighis** agus tacaíonn sé le taighde **ar chóir leighis do thinneas leanaí**.

2. The Down Syndrome Centre

   Cuireann Down Syndrome Centre **seirbhísí ar fáil chun tacú le leanaí a bhfuil siondróm Down orthu** sa chaoi go mbeidh siad ábalta **barr a gcumais a bhaint amach**.

3. Cross Cancer Research

   Tacaíonn Cross Cancer Research le **hoideachas agus le hoiliúint** do mhic léinn le linn a ngairmréime mar **thaighdeoirí óga ar ailse**.

4. Women's Aid

   Cuireann Women's Aid seirbhísí díreacha ar fáil do **mhná agus dá spleáchaigh a dtugtar drochíde dóibh sa bhaile** agus bíonn sé i mbun feachtais chun **foréigean in aghaidh na mban agus leanaí** a chosc.

5. Outhouse

   Is ionad pobail agus acmhainní é Outhouse a fhéachann le **spás sábháilte a chur ar fáil do lucht LADT+** agus dá muintir agus dá gcairde.

**Allan Kearns, Cathaoirleach Choiste Catharnais Bhanc Ceannais na hÉireann**

Gach dhá bhliain, téann Banc Ceannais na hÉireann i gcomhpháirtíocht le cúig chatharnas a bheidh roghnaithe ag ár mbaill foirne.

Bíonn tacaíocht airgeadais i gceist leis an gcomhpháirtíocht sin mar aon le hobair dheonach chun cabhrú le hobair na gcatharnas.

Nuair a roghnaíomar ár gcomhpháirtithe nua, bhíomar ag iarraidh an chothromaíocht cheart a aimsiú idir catharnais a dhíríonn ar shaincheisteanna náisiúnta agus eagraíochtaí áitiúla ar bh fhéidir linn obair dheonach a dhéanamh leo.

Teastaíonn uainn a léiriú trí bhíthin ár gcuid oibre lenár gcomhpháirtithe go bhfuilimid ag gníomhú le hionracas agus cúram agus gur féidir linn difear ceart a dhéanamh.

**TUILLEADH EOLAIS:** centralbank.ie/FSC